2024/1398

22.5.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/1398 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Márta 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le síneadh breise a chur le fad an chláir oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar na substaintí gníomhacha bithicídeacha uile atá ann cheana

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 89(1), an dara fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 go leanfar den chlár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana a úsáidtear i dtáirgí bithicídeacha i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Threoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(2) I gcomhréir le hAirteagal 89(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, tá an clár oibre le baint amach faoin 31 Nollaig 2024.

(3) Tá moilleanna substaintiúla ann maidir leis an gclár oibre a chur i gcrích. Chuir an Coimisiún measúnú mionsonraithe ar an staid sin faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa sa tuarascáil cur chun feidhme ar Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i mí an Mheithimh 2021 ([3]). Is iad na príomhchúiseanna leo an easpa acmhainní a leithdháiltear sna Ballstáit, moilleanna ar iarratasóirí maidir le sonraí breise a chur isteach, ceisteanna teicniúla casta faoi shainchomhaid shonracha is gá a réiteach, teacht chun cinn na treoraíochta teicniúla agus na critéir eolaíocha nua maidir le hairíonna réabtha inchrínigh a chinneadh, ar critéir iad a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2100 ón gCoimisiún, ([4]) rud a spreag an gá le tuilleadh sonraí agus measúnuithe.

(4) Ó bhí 2015 ann, tá plé rialta déanta le saineolaithe ó údaráis inniúla na mBallstát maidir le táirgí bithicídeacha, agus thángthas ar chomhaontú maidir le roinnt gníomhaíochtaí. D'eagraigh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ceardlanna, agus comhaontaíodh Plean Gníomhaíochta de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán maidir le Substaintí Gníomhacha freisin. D'ainneoin na ngníomhaíochtaí a rinneadh go dtí seo agus an dul chun cinn is féidir a dhéanamh go fóill faoin 31 Nollaig 2024, is léir nach dtabharfar an clár oibre chun críche faoin dáta sin.

(5) Ós rud é nach mbeidh an clár oibre tugtha chun críche faoin 31 Nollaig 2024, is gá síneadh a chur lena fhad. Tar éis dó plé a dhéanamh le saineolaithe ó údaráis inniúla na mBallstát maidir le táirgí bithicídeacha, measann an Coimisiún gurb iomchuí síneadh a chur le fad an chláir oibre.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 a leasú dá réir sin,

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/8/oj).

([3]) Tá an Tuarascáil le fáil ag an nasc seo: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1623326515401&uri=CELEX%3A52021DC0287 agus tá an Doiciméad Inmheánach Oibre, ina gcuirtear i láthair fianaise mhionsonraithe maidir leis na torthaí a leagtar amach sa tuarascáil, le fáil anseo: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52021SC0128&qid=1623670527414

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2100 ón gCoimisiún an 4 Meán Fómhair 2017 lena leagtar amach na critéir eolaíocha chun airíonna réabtha inchrínigh a chinneadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 301, 17.11.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/2100/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 89(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Leanfaidh an Coimisiún den chlár oibre a chur i gcrích chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana, clár oibre ar cuireadh tús leis i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Threoir 98/8/CE leis an aidhm go mbainfí amach é faoin 31 Nollaig 2030.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN